Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010

# AISTRIÚCHÁN
# AR SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

## GNÁTHLEIBHÉAL

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2010**

**EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**NÓTAÍ TACAÍOCHTA**

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála á meas ba chóir na pointí a leanas a thabhairt ar aird:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach nó cinntitheach.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.
- Cinntítear an mionsonrú a theastaíonn i bhfreagra ar bith tríd an gcomhthéacs agus tríd an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus trí líon na marcanna a shanntar don fhreagra ar an bpáipéar scrúdaithe. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

## CUID I (120 Marc)

20 CEIST - 15 CEIST LE FREAGAIRT.

TÁ MARCANNA COTHROMA AG GABHÁIL LE GACH CEIST (8 MARC)

**Scéim Mharcála Imlíne**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1**. | 4 @ 2 marc an ceann | **11**. | 8 marc |
| **2**. | 8 markc | **12.** | 2 @ 4 marc an ceann |
| **3**. | 8 marc | **13**. | 8 marc |
| **4**. | 2 @ 4 marc an ceann | **14**. | 8 marc |
| **5**. | 2 @ 4 marc an ceann | **15**. | 8 marc |
| **6**. | 2 @ 4 marc an ceann | **16**. | 8 marc |
| **7**. | 8 marc | **17**. | 8 marc |
| **8**. | 8 marc | **18**. | 8 marc |
| **9**. | 8 marc | **19**. | 8 marc |
| **10**. | 8 marc (3 m + 2 m + 3 m) | **20**. | 8 marc |

# CUID II (200 Marc)

6 CEIST - 4 CEIST LE FREAGAIRT AR 50 MARC AN CEANN.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | Míniú ar chéimeanna sa slabhra bia | | 20 marc (6 m + 7 m + 7m) | 20 |
| | **(b)** | An slabhra bia a chosaint – Dhá mhíniú @ 5 marc an ceann | | | 10 |
| | **(c)** | Impleachtaí do Thalmhaíocht na hÉireann | | 20 marc (10 m + 10 m) | 20 |
| | | | | | **[50 marc]** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **2.** | **(a)** | (i) | Ríomhanna | 20 marc (7 m + 7 m + 6 m) | |
| | | (ii) | Ollchorrlach | 10 marc | 30 |
| | **(b)** | (i) | Míniú | 5 marc | |
| | | | Sampla | 5 marc | |
| | | (ii) | Míniú | 5 marc | |
| | | | Sampla | 5 marc | 20 |
| | | | | | **[50 marc]** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **3.** | **(a)** | Ríomh an Ghlanfhiúchais | 10 marc (4 m + 3 m + 3 m) | 10 |
| | **(b)** | Ríomh an Chóimheasa Leachtachta | 10 marc (4 m + 3 m + 3 m) | |
| | | Comhairle | 10 marc (2 @ 5 m) | 20 |
| | **(c)** | Dhá rogha @ 10 marc an ceann (5 m + 5 m) | | 20 |
| | | | | **[50 marc]** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **4.** | **(a)** | Dlí an Toraidh Imeallaigh Laghdaithigh | 10 marc (5 m + 5 m) | 10 |
| | **(b)** | Dhá chineál ionchuir @10 marc (5 m + 5 m) an ceann | | 20 |
| | **(c)** | Léaráid | 15 marc grádaithe | |
| | | Tionchar | 5 marc | 20 |
| | | | | **[50 marc]** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.** | **(a)** | Meaitseáil léaráidí | 3 @ 10 marc (4 m + 6 m) | 30 |
| | **(b)** | Trí thoisc | 20 marc (7 m + 7 m + 6 m) | 20 |
| | | | | **[50 marc]** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **6.** | **(a)** | Eagraíocht | 5 marc | |
| | | Ról | 10 marc (2 @ 5 m) | 15 |
| | **(b)** | Trí thoisc @ 5 marc an ceann | | 15 |
| | **(c)** | Tionchar eacnamaíochta | 2 @ 10 marc (5 m + 5 m) | 20 |
| | | | | **[50 marc]** |

# Eacnamaíocht Talmhaíochta – Gnáthleibhéal

## Nótaí Tacaíochta

## CUID I

**1.** Seirbhísí, Tionsclaíocht/Déantúsaíocht, Talmhaíocht (in ord méadaíochta).

**2.** 51%

**3.** Sainmhínítear bainistíocht mar an toisc tháirgeachta a eagraíonn na tosca táirgeachta eile chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh.

**4.** Prionsabail Chomharchumainn:

- Ba chóir go mbeadh ballraíocht deonach
- Daonlathach – vóta amháin an duine
- Díbhinn theoranta ar scairchaipiteal
- Dáileadh comhréireach barrachais i measc na mball
- Oideachas do na baill
- Comhoibriú idir comharchumainn

**5.** Luaigh dhá shaintréith talmhaíochta atá codarsnach leis an margaíocht.

- Líon mór aonad atá sách beag
- Scaipeadh geografach na feirmeoireachta
- Athrú ar sholáthar táirgí talmhaíochta
- Nádúr somheata agus toirtiúil táirgí talmhaíochta
- Rósholáthar táirgí talmhaíochta ar mhargaí idirnáisiúnta

**6.** Luaigh dhá cheann de na trí thréimhse tháirgeachta in anailís an tsoláthair.

- Tréimhse mhargaidh
- Tréimhse ghearrthréimhseach (intáirgeadh)
- Tréimhse fhadtréimhseach (idirtháirgíochta)

**7.** Mínigh cad is brí le hÁrachas Tríú Páirtí:

Clúdach dliteanais a cheannaíonn árachaí (an chéad pháirtí) ó árachóir (an dara páirtí) mar chosaint in aghaidh éilimh ó pháirtí eile (an tríú páirtí). Tá an chéad pháirtí freagrach as a dhamáistí nó a chaillteanais féin cibé an é féin nó an tríú páirtí ba chúis leis.

**8.** Ainmnigh an t-innéacs a úsáidtear chun an boilsciú a thomhas i ngeilleagar na hÉireann:

Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí

**9.** Bréagach

**10.** (i) feirmeoirí inmharthana
(ii) feirmeoirí a d'fhéadfadh a bheith inmharthana
(iii) feirmeoirí neamh-inmharthana

**11.** Mínigh an téarma Fás Geilleagrach:

Is féidir fás geilleagrach a shainmhíniú mar an t-ardú leanúnach ar thoirt aschuir earraí agus seirbhísí eacnamaíochta náisiúin. Déantar fás geilleagrach a thomhas trí athruithe ar OTI/OTN (GDP/GNP) i gcaitheamh na haimsire.

**12.** Luaigh dhá mhíbhuntáiste do tháirgeoirí na Éireann a bhaineann le hallmhairí:

- Rogha níos mó ann do thomhaltóirí, mar sin éileamh laghdaithe ar tháirge a tháirgítear intíre;
- Iomaíochas méadaithe, praghsanna níos ísle, ioncaim níos ísle;
- Aschur bia agus fostaíocht laghdaithe.

**13.** Luaigh slí amháin ar féidir iasacht ó bhanc a bheith urraithe.

Comhthaobhacht; Ráthóir; Coigilteas.

**14.** Cúis amháin a bhféachtar ar fheirmeoirí mar phraghas-ghlacadóirí:

Feidhmíonn siad i margadh lániomaíoch/líon mór ceannaitheoirí agus díoltóirí/táirgeann táirgí aonchineálacha/ tá an cuar éilimh lánleaisteach.

**15.** Slí amháin chun an dímheas a ríomh:

Dímheas Iarmhéid Laghdaithigh / Dímheas de réir Méid Chothroim

**16.** Tá Treoir ón AE ina ceangal chomh fada agus a bhaineann leis na torthaí a chaithfear a bhaint amach amháin agus rogha á thabhairt laistigh de theorainneacha forordaithe faoi na modhanna a mbaineann na ballstáit úsáid astu.

**17.** I gcomthéacs an CBT (CAP), ba é an modh tacaíochta praghsanna an phríomhghné i ráthú ioncaim d'fheirmeoirí. Bhí na híocaíochtaí díreacha a fuair feirmeoirí nasctha lena leibhéal táirgeachta. Dá mhéid a tháirg an feirmeoir ba mhó an t-aistriú ó bhuiséad an AE. Tugadh díchúpláil isteach i 2003 agus is éard is brí leis ná an nasc idir an íocaíocht dhíreach don fheirmeoir agus an leibhéal táirgeachta a bhriseadh.

**18.** Deirtear go bhfuil an t-éileamh ar earra "praghasleaisteach" **má tá an t-athrú céatadánach ó thaobh cainníochta a éilítear níos mó ná an t-athrú céatadánach ó thaobh praghais** (i ndearbhthéarmaí)

NÓ

Tá praghasleaisteachas an éilimh idir 1 agus ∞ (i ndearbhthéarmaí)
Bíonn an-aird ag éileamh ar athrú sa phraghas.


**19.** Is é **Dímheas** an difríocht idir Glanfhoirmiú Caipitil agus Ollfhoirmiú Caipitil

**20.** Is féidir beartas talmhaíochta a shainmhíniú mar 'aon ghníomhaíocht eacnamaíochta de chuid an Rialtais nó Chomhairle Airí an AE atá dírithe ar chuspóirí áirithe maidir leis an talmhaíocht a bhaint amach.

# CUID II

# Nótaí Tacaíochta

**1.** **(a)** Mínigh **gach** céim sa slabhra bia a chríochnaíonn leis an muiceoil a cheannaíonn an tomhaltóir Éireannach.




De bhreis ar a acmhainní féin, baineann an feirmeoir úsáid freisin as ionchuir cheannaithe nach leis féin, e.g. ceannaíonn sé ábhair thógála chun cóiríocht a thógáil d'ainmhithe – láithreacha beathaithe etc., agus is féidir go gceannódh sé beathú chun cur leis an méid a tháirgeann sé ar a fheirm féin. Is féidir go mbeadh costais tréadlaíochta agus fuinnimh i gceist freisin.

Táirgeann an t-ionchuir cheannaithe seo maraon lena acmhainní féin, talamh, saothar, caipiteal agus bainistíocht, aschur talmhaíochta, muca sa chás seo.

Gluaiseann sé seo ar a sheal tríd an gcóras margaíochta áit ar féidir é a iompar, a stóráil, a phróiseáil, a phacáistiú agus ar deireadh, a dhíol leis an tomhaltóir mar mhuiceoil.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar na hiarrachtaí a d'fhéadfadh Tionscal na Muc a dhéanamh chun slabhra bia na muiceola a chosaint.

- Cloígh le treoirlínte na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
- Sonraigh úsáid ionchuir (údaraithe) (grán, próitéin etc.)
- Monatóireacht/iniúchadh próiseálaithe agus feirmeoirí
- Dámh táirgeoirí maithe a léiríonn dea-chleachtas tionscail
- Eisíonn tionscal na muiceola muiceoil Éireannach phróiseáilte do chuideachtaí táirgíochta bia creidiúnacha amháin

**(c)** Cad iad na himpleachtaí a bheadh ann do thalmhaíocht na hÉireann mura ndéanfaí an slabhra bia a chosaint?

- Damáiste do shláinte an duine – muinín i dTalmhaíocht na hÉireann á chailliúint
- Damáiste don dea-cháil ag Bia Éireannach- "oileán an bhia"
- Díolacháin in Agraibhia Éireannach á gcailliúint
- Laghdú ar ioncaim fheirme
- Costais mhéadaithe monatóireachta/ iniúchta agus iarrachtaí feabhais chun déileáil le slabhra bia fabhtach
- Postanna á gcailliúint ag daoine a oibríonn san earnáil phróiseála
- Titim ar líon na bhfeirmeoirí lánaimseartha agus méadú ar líon na bhfeirmeoirí páirtaimseartha
- Thiocfadh meath ar thraidisiún na táirgeachta talmhaíochta
- Costais mhéadaithe cur chun cinn.

**2.** Agus na sonraí seo a leanas as na cuntais airgeadais ag feirm Éireannach san áireamh:

**ASCHUR (€)**

| **Táirge** | **Díolacháin lúide Ceannacháin** | **Athruithe ar na Fardail** | **Tomhaltas Teaghlaigh** | **Aschur Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| Eallach | 48,000 | - 4,000 | 0 | |
| Barra | 5,000 | +1,000 | 200 | |
| **Iomlán** | 53,000 | -3,000 | 200 | |

**(a)** Ríomh iad seo a leanas, (agus tú ag taispeáint do chuid oibre go léir):

(i) An t-aschur iomlán do **gach** earnáil táirgí **agus** don fheirm iomlán;

| **Táirge** | **Aschur Iomlán** |
|---|---|
| Eallach | 44,000 |
| Barra | 6,200 |
| Iomlán | 50,200 |

(ii) An tOllchorlach don fheirm iomlán, más ionann na costais athraitheacha agus €20,000.

Freagra: €30,200 (50,200 – 20,000)

**(b)** Mínigh iad seo a leanas, agus sampla á úsáid agat i ngach cás:

(i) Athrú fardail:

Tagraíonn fardail do bhailiú le chéile stoic le díol amach anseo. Tagraíonn athrú fardail d'athrú ar luach an stoic seo.

(ii) Costais athraitheacha:

Is éard is costais athraitheacha ann ná costais a athraíonn leis an leibhéal aschuir.
Sampla: cuireann feirmeoir tuilleadh síolta agus athraíonn costais leasacháin dá réir.
Eile: obair pháirtaimseartha, beathú.

**3.** Tógadh na figiúirí seo a leanas as an gClár Comhardaithe ag Feirmeoir Curadóireachta ar 31 Nollaig 2009.

| Sócmhainní € | | Fiachais € | |
|---|---|---|---|
| Sócmhainní Seasta<br>Talamh,<br>Foirgnimh &<br>Innealra | <br>*300,000*<br><br>*200,000* | Iasachtaí Fadtéarmach<br>le híoc d'Fhoirgnimh &<br>d'Innealra | <br><br>*160,000* |
| Sócmhainní Reatha<br>Cothú<br>Síol<br>Sócmhainní Leachtacha | <br>*1,000*<br>*4,000*<br>*35,000* | Fiachais Reatha<br>Rótharraingt Bhainc<br>Creidiúnaithe eile | <br>*15,000*<br>*45,000* |
| | | Glanfhiúchas | ? |
| | 540,000 | | 540,000 |

Agus an t-eolas thuas á úsáid agat:

**(a)** Ríomh (agus tú ag taispeáint do chuid oibre go léir) Glanfhiúchas na feirme:

**Glanfhiúchas** = €540,000 - €220,000 = € 320,000.

**(b)** Ríomh (agus tú ag taispeáint do chuid oibre go léir), Cóimheas Leachtachta na feirme **agus**, bunaithe ar an gcóimheas sin, scríobh síos an chomhairle a thabharfá don fheirmeoir, atá ag smaoineamh ar tharracóir nua a cheannach.

**Cóimheas Leachtachta** = sócmhainní leachtacha: fiachais reatha

= 35,000 : 60,000

= 0.58: 1

Fágann sé seo go bhfuil an fheirm neamhleachtach a bheag nó a mhór. Ní leor na sócmhainní leachtacha is gá leis na fiachais reatha a ghlanadh.
D'fhéadfadh go mbeadh deacracht ag an bhfeirmeoir má lorgaíonn creidiúnaithe gearrthéarmacha íocaíocht. D'fhéadfadh an feirmeoir roinnt sócmhainní a dhíol chun tarracóir nua a cheannach/ tarracóir a thógáil ar léas b'fhéidir.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rogha a d'fhéadfadh a bheith ag feirmeoir a mbeadh deacracht aige / aici íocaíochtaí iasachta a dhéanamh.

Sócmhainní a dhíol
Gearradh siar ar chaighdeáin maireachtála
Fad a chur leis an tréimhse aisíocaíochtaí.

**4.** Cuireann cuar na dtáirgí iomlána thuas síos ar an ngaol idir an t-aschur agus an t-ionchur ar Fheirm X. Taispeánann sé go bhfuil "an t-aschur ag méadú ach ar ráta laghdaitheach".

**(a)** Ainmnigh an dlí eacnamaíochta a dtagraíonn an coincheap thuas, a bhfuil líne faoi, dó.

Dlí an Toraidh Imeallaigh Laghdaithigh

**(b)** Is féidir cur síos ar ionchuir mar *ionchuir toisce* agus *ionchuir idirmheánacha.* Idirdhealaigh idir an dá chineál ionchur seo, agus sampla **amháin** á thabhairt agat sa dá chás.


Is éard is Ionchair Toisce ná na tosca ar leis an feirmeoir iad.
Samplaí: Talamh, Obair, Caipiteal, Bainistíocht

Is éard is Ionchuir idirmheánacha ná táirgí tionscail & cuideachtaí eile
Samplaí: beathú, leasachán.

**(c)** Mar úinéir ar Fheirm X, cheannaigh an feirmeoir innealra nua-aimseartha don fheirm.

Mínigh, le cabhair léaráide, an tionchar is dócha a bheadh aige sin ar Chuar na dTáirgí Iomlána ar Fheirm X.

Léaráid – bog an cuar táirge iomlán aníos





Cuar nua na dtáirgí iomlána agus é san áit cheart, ar chlé ón gcuar láithreach.


Míniú: ceadaíonn ard-innealra nua breis táirgeachta do gach leibhéal den ionchur aistritheach.

**5.** Sna trí léaráid thíos, léirítear athruithe ar an éileamh ar mhairteoil sa mhargadh.


**Léaráid 1**




**Léaráid 2**




**Léaráid 3**




Léirítear **trí** cinn de na forbairtí seo a leanas sna léaráidí thuas:

**(a)** Meaitseáil **gach** léaráid leis an bhforbairt chuí ón liosta thuas. I n**gach** cás mínigh cén fáth a ngníomhaíonn an t-éileamh mar a léirítear é sa léaráid.

**Léaráid 1 - (iii)**, Gluaiseacht ar an gcuar éilimh ó P1 go P2.

**Léaráid 2 - (i)** Éilítear níos mó ag gach leibhéal praghsanna agus cur chun cinn méadaithe mairteola ann.

**Léaráid 3 - (iv)** Éilítear níos lú ag gach leibhéal praghsanna mar nuair a thiteann ioncaim titeann an t-éileamh ar mhairteoil.

**(b)** Is í Éire an cúigiú honnmhaireoir mairteola is mó ar domhan. Luaigh **trí** thoisc a chabhraigh chun go mbeadh rath ar an tionscal.

- Caighdeán na mairteola
- Cuireann séasúr fada fás féir le blas & cáilíochtaí sláinte
- Monatóireacht ar shláinte & ar ghluaiseacht eallaí
- Cinntíonn modhanna nua-aimseartha táirgthe comhsheasmhacht.

**6**. Thit ioncaim feirme in 2009 agus ceapann cuid de na heagraíochtaí feirmeoireachta go dtitfidh siad arís in 2010.

**(a)** Ainmnigh eagraíocht feirmeoireachta **amháin** agus tabhair breac-chuntas ar a ról.

IFA = Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (Irish Farmers Association)
ICMSA = Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

Ról: "Bíonn ról tábhachtach ag eagraíochtaí feirmeoirí i bhfoirmiú beartais maidir lena dtionscal. Molann siad agus déanann measúnú ar bheartais mhalartacha agus bíonn suim ghéar acu i gcur i ngníomh beartais. Tacaíonn siad le cás na bhfeirmeoirí agus iarracht á dhéanamh a scar den rathúnas náisiúnta a mhéadú"

ICSA= Cumann Feirmeoirí Eallach agus Caorach na hÉireann

- Déanann ionadaíocht thar ceann feirmeoirí tráchtála eallach, caorach agus lao
- Tairiscíonn peirspictíochtaí malartacha ar bheartais talmhaíochta agus saincheisteanna tuaithe in Éirinn.

Macra na Feirme

- Cuireann oiliúint ar fáil d'fheirmeoirí óga chun slí bheatha a chinntiú agus saol sóisialta a chur ar fáil d'fheirmeoirí óga
- Eagraíocht dheonach a dhéanann ionadaíocht do dhaoine óga idir 17-35
- Forbairt phearsanta na mball

ICOS= Cumann Comhareagrais na hÉireann

- Cuireann seirbhísí ar fáil do chomharchumainn na mball agus tugann ionadaíocht dóibh ar eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Comhpháirtí sóisialta.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a bhí mar chúis leis an laghdú ar ioncaim feirme.

- Praghsanna feirme laghdaithe,
- Costais mhéadaithe (fuinneamh, ionchuir)
- Cúlú eacnamaíochta
- Níos lú ioncaim infheistíochta
- Droch-aimsir.

**(c)** Déan plé ar an tionchar eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag ioncaim laghdaithe feirme ar bhailte móra faoin tuath agus ar shráidbhailte na hÉireann.

- Ciallaíonn ioncam indiúscartha laghdaithe go bhfuil níos lú caiteachais ag feirmeoirí d'earraí agus do sheirbhísí i mbailte agus i sráidbhailte faoin tuath.
- Cailliúint ioncaim agus postanna i mbailte agus i sráidbhailte faoin tuath.
- Níos lú infheistíochta á dhéanamh ag feirmeoirí i bhfeirmeacha ag éirí as ioncaim níos ísle, níos lú á chaitheamh dá bharr seo ar cheardaithe áitiúla etc.
- Rochtain níos lú ar chaipiteal.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |